



Uimhir 15 de 2023

**An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do
Chomhaltaí) (Leasú), 2023**
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 15 de 2023

**AN tACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL AGUS UM AN
OIREACHTAS (LIÚNTAIS DO CHOMHALTAÍ) (LEASÚ), 2023**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht
4. Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht
7. Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht
8. Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht
9. Leasú ar alt 18 den Phríomh-Acht
10. Leasú ar alt 20 den Phríomh-Acht
11. Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht
12. Leasú ar alt 22 den Phríomh-Acht
13. Smachtbhannaí mar gheall ar shárú faoi alt 18(f) nó mar gheall ar shárú ar alt 22(1)
14. Nithe a bheidh le breithniú nuair a bheidh méid an smachtbhanna airgeadais a bheidh le forchur á chinneadh
15. Smachtbhannaí airgeadais
16. Achomharc chun na Cúirte Cuarda
17. Iarratas chun na Cúirte Cuarda chun daingniú a dhéanamh ar bhreith chun mór-smachtbhanna a fhorchur
18. Imscrúduithe agus imeachtaí a sheoladh
19. Fógraí a thabhairt, etc.

[Uimh. 15.]

*An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil agus
um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltai)
(Leasú), 2023.*

[2023.]

20. Leasú ar alt 23 den Phríomh-Acht
21. Leasú ar alt 25 den Phríomh-Acht
22. Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht
23. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
24. Leasú ar alt 3 den Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltai) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1992
25. Gearrtheideal agus tosach feidhme

[2023.]

*An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil agus
um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí)
(Leasú), 2023.*

[Uimh. 15.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht Toghcháin, 1992 (Uimh. 23)

An tAcht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte
(Leasú), 1992 (Uimh. 3)

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014

Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2021

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (Uimh. 5)



Uimhir 15 de 2023

**AN tACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL AGUS UM AN
OIREACHTAS (LIÚNTAIS DO CHOMHALTAÍ) (LEASÚ), 2023**

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú agus do leathnú an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015; d’fhadú na tréimhse iomchuí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht sin; do thabhairt daoine áirithe a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta faoi fheidhm an Achta sin; do leathnú an réimse cumarsáidí eisceithe; do dhéanamh socrú maidir le hoibriú feabhsaithe an Chláir Brústocaireachta; do dhéanamh socrú maidir le sárúithe iomchuí breise; do dhéanamh socrú breise i ndáil le srianta ar iaroifigigh phoiblí ainmnithe áirithe a bheith páirteach i mbrústocaireacht; do dhéanamh socrú maidir le córas a bheith ann chun forálacha áirithe den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 a fhorfheidhmiú ar bhonn neamhchoiriúil, lena n-áirítear trí smachtbhannaí a fhorchur; do dhéanamh socrú breise maidir leis na liúntais is iníoctha le comhaltaí de cheachtar Teach den Oireachtas agus, chun na críche sin, do leasú an Achta um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1992; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[22 Meitheamh 2023]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht

2. Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) gach tréimhse chomhleanúnach 5 bliana ina dhiaidh sin dar tús tosach feidhme *alt 2 den Acht um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú), 2023*.”.

Leasú ar alt 4 den Phríomh-Acht

3. Leasaítear alt 4 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3), trí “nó don Choimisiún, de réir mar a bheidh,” a chur isteach i ndiaidh “don Aire”.

Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht

4. Leasaítear alt 5 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) aon chumarsáidí iomchuí maidir le talamh a fhorbairt nó a chríosú faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2021, nó déanamh aon chumarsáidí den sórt sin a bhainistiú nó a threorú.”,

- (b) i bhfo-alt (2)—

(i) i mír (b), trí “na comhaltaí,” a chur in ionad “na comhaltaí, nó”,

(ii) i mír (c), trí “ar aghaidh,” a chur in ionad “ar aghaidh.”, agus

- (iii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) nach bhfuil aon fhostaithe lánaimseartha ag an duine agus gur comhlacht é nó í atá ann go príomha chun bheith ionadaitheach do leasanna a chomhaltaí, i gcás go dtiocfadh duine amháin nó níos mó de chomhaltaí an chomhlachta faoi réim ceann de mhíreanna (a) go (c) dá ndéanfadh an comhalta sin nó na comhaltaí sin gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh lasmuigh den chomhlacht, agus go ndéantar na cumarsáidí iomchuí thar ceann aon duine de na comhaltaí, nó

(e) nach bhfuil aon fhostaithe lánaimseartha ag an duine agus gur comhlacht é nó í atá ann go príomha chun díriú ar shaincheisteanna áirithe, i gcás go dtiocfadh duine amháin nó níos mó de chomhaltaí an chomhlachta faoi réim ceann de mhíreanna (a) go (c) dá ndéanfadh an comhalta sin nó na comhaltaí sin gníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh lasmuigh den chomhlacht, agus go ndéantar na cumarsáidí iomchuí ar mhaithe le haon cheann de na saincheisteanna sin a chur ar aghaidh.”,

- (c) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) gurb é nó í a dhéanann í duine a shealbhaíonn, sa chomhlacht, aon oifig a mbaineann a feidhmeanna le gnóthaí an chomhlachta ina iomláine,”

- (d) i bhfo-alt (5)—

(i) i mír (a), trí “na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2021” a chur in ionad “na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014”,

(ii) i mír (o), trí “faoi fho-alt (8);” a chur in ionad “faoi fho-alt (8).”, agus

- (iii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (o):

“(p) cumarsáidí ó pháirtí polaitíochta lena chomhaltaí ar oifigigh phoiblí ainmnithe iad agus a dhéantar go heisiach ina gcáil mar chomhaltaí den pháirtí polaitíochta lena mbaineann.”,

agus

- (e) i bhfo-alt (9), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

[2023.]

*An tAcht um Brústocaireachta a Rialáil agus
um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltai)
(Leasú), 2023.*

[Uimh. 15.] A.4

“ciallaíonn ‘páirtí polaitíochta’ páirtí polaitíochta arna chlárú i gClár na bPáirtithe Polaitíochta de réir alt 25 den Acht Toghcháin, 1992;”.

Leasú ar alt 7 den Phríomh-Acht

5. Leasaítear alt 7 den Phríomh-Acht tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘cuideachta’ cuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó cuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin;”.

Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht

6. Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Faoi réir fho-alt (2), ní dhéanfaidh duine cláraithe, a ndearnadh a iontráil nó a hiontráil ar an gClár a mharcáil faoi alt 11(4) le ráiteas ina léirítear go bhfuil an duine scortha de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh, gníomhaíochtaí den sórt sin a sheoladh.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Ní sháraíonn duine fo-alt (1) nó (1A), de réir mar a bheidh—

(a) sa chéad tréimhse iomchuí ina seolann an duine gníomhaíochtaí brústocaireachta má thagann an duine chun bheith ina dhuine cláraithe nó ina duine cláraithe roimh an dáta iomchuí, nó

(b) i gcás duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1A), sa chéad tréimhse iomchuí ina n-atosáíonn an duine ar ghníomhaíochtaí brústocaireachta má chomhlíonann an duine ceanglais alt 11(5) roimh an dáta iomchuí.”.

Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht

7. Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) ainm gach duine is comhalta de chomhlacht dá dtagraítear in alt 5(2) (d) nó (e), de réir mar a bheidh,”,

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) an seoladh (nó an príomhsheoladh) ag a seolann an duine gnó nó ag a seolann sé nó sí príomhghníomhaíochtaí an duine nó (murab ann do sheoladh den sórt sin) an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine,”,

(b) i bhfo-alt (4), trí “go buan” a scriosadh sa dá áit a bhfuil sé, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Maidir le duine cláraithe dá dtagraítear i bhfo-alt (4), agus a ndearnadh a iontráil nó a hiontráil ar an gClár a mharcáil faoin bhfo-alt sin le ráiteas ina léirítear go bhfuil an duine scortha de ghníomhaíochtaí brústocaireachta a sheoladh, agus ar mian leis nó léi ina dhiaidh sin atosú ar na gníomhaíochtaí sin, tabharfaidh sé nó sí fógra á rá sin don Choimisiún, i cibé foirm agus ar cibé modh a cheanglóidh an Coimisiún agus, ar an bhfógra sin a fháil, déanfaidh an Coimisiún an ráiteas sin a bhaint d’iontráil an duine ar an gClár.”.

Leasú ar alt 12 den Phríomh-Acht

8. Leasaítear alt 12 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), trí “go buan” a scriosadh,

(b) i bhfo-alt (4)(f), trí “agus” a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé, agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

“(fa) ainm gach duine is comhalta de chomhlacht dá dtagraítear in alt 5(2) (d) nó (e), de réir mar a bheidh, agus”.

Leasú ar alt 18 den Phríomh-Acht

9. Leasaítear alt 18 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) fo-alt (1) nó (1A) d’alt 8 a shárú;”,

(b) i mír (e), trí “faoi alt 19;” a chur in ionad “faoi alt 19.”, agus

(c) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(f) duine do dhéanamh aon ghníomh a bhfuil mar chríoch bheartaithe leis oibleagáidí an duine faoi alt 8(1) nó 12(1) a sheachaint nó teacht timpeall ar na hoibleagáidí sin;

(g) alt 22(1) a shárú.”.

Leasú ar alt 20 den Phríomh-Acht

10. Leasaítear alt 20 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí “faoi mhír (a), (b) (ach amháin mar a fhoráiltear le fo-alt (1)), (c), (d), (e) nó (f) d’alt 18” a chur in ionad “ar aon slí eile”.

Leasú ar alt 21 den Phríomh-Acht

11. Leasaítear alt 21 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Féadfar an fógra íocaíochta seasta a sheirbheáil ar an duine:

(a) i gcás gur soláthraíodh seoladh ríomhphoist an duine don Choimisiún, trína sheoladh chuig an duine trí mheán leictreonach chuig an seoladh

ríomhphoist sin, ar choinníoll go ndéanfar taifead don seoltóir leis an gcóras ríomhphoist arna úsáid gur seoladh an ríomhphost chuig an duine;

- (b) trína sheachadadh ar an duine;
- (c) trína chur leis an bpost cláraithe nó le haon chineál eile seirbhíse seachadta taifeadta—
 - (i) i gcás pearsa aonair, chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an bpearsa aonair nó chuig aon seoladh eile a sholáthair an phearsa aonair chun críocha an ailt seo,
 - (ii) i gcás cuideachta, chuig a hoifig chláráithe, nó
 - (iii) i gcás aon chomhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe eile, chuig a phríomhoifig nó a phríomháit ghnó.”.

Leasú ar alt 22 den Phríomh-Acht

12. Leasaítear alt 22 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “le toiliú roimh ré ón gCoimisiún agus, i gcás go mbeidh an toiliú sin faoi réir coinníollacha faoi fho-alt (5)(a)(i)(II), de réir théarmaí an toilithe sin” a chur in ionad “le toiliú an Choimisiúin”,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) Déanfaidh duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) iarratas chun an Choimisiúin ar thoiliú i cibé foirm agus ar cibé modh a cheanglóidh an Coimisiún.”,
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) (a) I gcás go ndéanfaidh duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1) iarratas chun an Choimisiúin ar thoiliú, maidir leis an gCoimisiún, tar éis aon chomhchomhairliúchán cuí (lena n-áirítear leis an duine lena mbaineann, le fostóir reatha, iarfhostóir nó fostóir beartaithe an duine, nó le cibé duine eile a mheasfaidh an Coimisiún is cuí), tabharfaidh sé breith—

 - (i) toiliú a thabhairt—
 - (I) gan choinníoll, nó
 - (II) faoi réir coinníollacha,

nó
 - (ii) diúltú toiliú a thabhairt i leith iomlán na tréimhse iomchuí nó i leith aon chuid di.

(b) Tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don duine maidir leis an mbreith faoi mhír (a) agus, i gcás breith faoi fhomhír (i)(II) nó (ii) de mhír (a), maidir leis na cúiseanna atá leis an mbreith.

- (c) Tabharfar breith faoi mhír (a) a luaithe is féidir agus, sa mhéid gurb indéanta é, tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis don Choimisiún an t-iarratas lena mbaineann a fháil.
- (d) I gcás nach ndéanfar, nó nach dóigh go ndéanfar, breith a chur ar fáil don duine lena mbaineann laistigh den tréimhse a shonraítear i mír (c), tabharfaidh an Coimisiún fógra don duine lena mbaineann a luaithe is indéanta maidir le tréimhse bhreise nach faide ná 7 lá a chur mar fhadú leis an tréimhse sin.”

agus

- (d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

- “(6) Déanfaidh gach comhlacht seirbhíse poiblí na hoibleagáidí faoin alt seo atá ar gach duine is oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí atá fostaithe ag an gcomhlacht seirbhíse poiblí sin, nó a shealbhaíonn aon oifig nó post eile ann, a chur in iúl, i scríbhinn, dó nó di agus é nó í ag dul i mbun na fostaíochta sin, na hoifige sin nó an phoist sin, agus é nó í ag fágáil na fostaíochta sin, na hoifige sin nó an phoist sin, sa chomhlacht seirbhíse poiblí sin.
- (7) Chun críocha chomhlíonadh a fheidhmeanna faoin alt seo ag an gCoimisiún, déanfaidh comhlacht seirbhíse poiblí, a luaithe is indéanta tar éis don chomhlacht seirbhíse poiblí teacht ar an eolas go mbeidh oifigeach poiblí ainmnithe iomchuí ag fágáil na fostaíochta, na hoifige nó an phoist a shealbhaíonn sé nó sí sa chomhlacht seirbhíse poiblí sin, fógra a thabhairt don Choimisiún i dtaobh na nithe seo a leanas—
 - (a) ainm an oifigigh agus a sheoladh nó a seoladh le haghaidh comhfhreagrais, lena n-áirítear a sheoladh ríomhphoist nó a seoladh ríomhphoist,
 - (b) grád nó céim an oifigigh,
 - (c) an dáta ar a ndeachaigh an t-oifigeach i mbun na fostaíochta sin, na hoifige sin nó an phoist sin, agus
 - (d) an dáta ar a bhfágfaidh nó ar a fhág an t-oifigeach an fhostaíocht sin, an oifig sin nó an post sin.”

Smachtbhannaí mar gheall ar shárú faoi alt 18(f) nó mar gheall ar shárú ar alt 22(1)

- 13.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 22:

- “**22A.** (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le sárú faoi alt 18(f) nó ar alt 22(1), de réir mar a bheidh.
- (2) Ar thuarascáil a fháil tar éis imscrúdú arna dhéanamh faoi alt 19 i dtaobh ar tharla sárú lena mbaineann an t-alt seo, breithneoidh an Coimisiún an tuarascáil.
- (3) I gcás go mbeidh an tuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (2) breithnithe ag an gCoimisiún, tabharfaidh an Coimisiún breith, faoi réir fho-alt (4)—
 - (a) i dtaobh ar tharla sárú iomchuí lena mbaineann an t-alt seo, agus

- (b) má tharla, i dtaobh an ndéanfaidh sé, de réir mar is dóigh leis is cuí in imthosca an cháis—
 - (i) mion-smachtbhanna a fhorchur ar an duine atá faoi imscrúdú, nó
 - (ii) faoi réir alt 22B, mór-smachtbhanna a fhorchur ar an duine atá faoi imscrúdú.
 - (4) D'fhonn breith a thabhairt faoi fho-alt (3), féadfaidh an Coimisiún, má iarrann an duine atá faoi imscrúdú air déanamh amhlaidh, nó má mheasann sé gur cuí déanamh amhlaidh chun cuidiú leis an bhreith sin a thabhairt, nó chun nósanna imeachta córa a urramú—
 - (a) éisteacht ó bhéal a sheoladh, nó
 - (b) fógra a thabhairt don duine ina luafar go bhféadfaidh an duine, tráth nach déanaí ná 30 lá dar tosach dáta an fhógra, nó cibé tréimhse bhreise nach faide ná 30 lá a cheadóidh an Coimisiún, aighneacht i scríbhinn a dhéanamh chuig an gCoimisiún maidir leis an tuarascáil arna hullmhú de réir alt 19.
 - (5) Faoi réir alt 22F, cinnfidh an Coimisiún conas a bheidh éisteacht ó bhéal faoi fho-alt (4)(a) le seoladh.
 - (6) Tabharfaidh an Coimisiún fógra don duine lena mbaineann an tuarascáil i dtaobh breith faoi fho-alt (3) a luaithe is indéanta tar éis í a thabhairt agus, maidir leis an bhfógra sin—
 - (a) beidh na cúiseanna atá leis an mbreith ar áireamh ann,
 - (b) cuirfear in iúl don duine leis—
 - (i) go bhféadfaidh an duine, faoi alt 22D, achomharc a dhéanamh in aghaidh na breithe laistigh de 30 lá dar tosach dáta an fhógra,
 - (ii) go sonrófar san achomharc na forais atá leis an achomharc, agus
 - (iii) go gcuirfear an bhreith ar fionraí go dtí—
 - (I) go mbeidh an bhreith ina breith chríochnaitheach faoi fho-alt (7), nó
 - (II) faoi réir fho-alt (8), go ndéanfar an t-achomharc a dhiúscairt faoi alt 22D,
- de réir mar a bheidh.
- (7) Más rud é, ar dhul in éag don tréimhse 30 lá dar tosach dáta an fhógra faoi fho-alt (6), nach mbeidh aon achomharc faoi alt 22D déanta, breith chríochnaitheach a bheidh sa bhreith faoi fho-alt (3).
 - (8) Más rud é, tar éis achomharc i gcoinne breith faoi fho-alt (3), go dtreoróidh an Chúirt Chuarda don Choimisiún faoi alt 22D(5)(b)(ii) an bhreith a athbhreithniú, cuirfear an bhreith sin ar fionraí go dtí go mbeidh sí athbhreithnithe ag an gCoimisiún.

- (9) Ní bheidh éifeacht le breith ón gCoimisiún faoi fho-alt (3)(b)(ii) chun mór-smachtbhanna a fhorchur mura ndaingneoidh an Chúirt Chuarda an bhreith faoi alt 22D nó 22E, de réir mar a bheidh.
- (10) Ní bheidh duine ina ábhar nó ina hábhar do smachtbhanna riaracháin agus do phionós coiriúil araon faoin Acht seo mar gheall ar shárú faoi alt 18(f).
- (11) Féadfaidh an Coimisiún, le linn éisteacht ó bhéal faoin alt seo a sheoladh, fianaise a ghlacadh faoi mhionn, agus údaraítear leis seo d'aon chomhalta den Choimisiún duine a chur faoi mhionn den sórt sin.
- (12) Déanfar éisteacht ó bhéal faoin alt seo a sheoladh ar shlí seachas go poiblí mura gcinntfidh an Coimisiún, ar iarratas ón duine atá faoi imscrúdú nó ar iarratas thar a cheann nó thar a ceann, nó as treoir an Choimisiúin féin, gur chóir na himeachtaí (nó cuid de na himeachtaí) a sheoladh go poiblí.
- (13) San alt seo—
 - ciallaíonn ‘mór-smachtbhanna’—
 - (a) smachtbhanna airgeadais nach mó a mhéid ná €25,000,
 - (b) toirmeasc ar an duine clárú ar an gClár go ceann tréimhse nach faide ná 2 bhliain,
 - (c) toirmeasc ar an duine tuairisceán faoi alt 12 i leith an duine a dhéanamh, nó a chur faoi deara tuairisceán den sórt sin a dhéanamh, go ceann tréimhse nach faide ná 2 bhliain, nó
 - (d) aon teaghlaim d’aon smachtbhannaí díobh sin a shonraítear i míreanna (a) go (c);
 - ciallaíonn ‘mion-smachtbhanna’—
 - (a) comhairle,
 - (b) iomardú,
 - (c) rabhadh, nó
 - (d) aon teaghlaim d’aon smachtbhannaí díobh sin a shonraítear i míreanna (a) go (c).’.

Nithe a bheidh le breithniú nuair a bheidh méid an smachtbhanna airgeadais a bheidh le forchur á chinneadh

- 14.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 22A (a chuirtear isteach le *halt 13*):

“22B. Déanfaidh an Coimisiún, nuair a bheidh méid an smachtbhanna airgeadais a bheidh le forchur faoi alt 22A á bhreithniú, imthosca an tsáraithe faoi alt 18(f) nó ar alt 22(1) a chur i gcuntas agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfaidh sé aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- (a) an gá atá ann a chinntiú, maidir le haon smachtbhanna a fhorchuirfear—

- (i) gur smachtbhanna cuí é agus go bhfuil sé i gcomhréir leis an sárú lena mbaineann, agus
- (ii) más infheidhme, go mbeidh sé ina dhreasú leordhóthanach chun a chinntiú nach dtarlóidh aon sárú dá shamhail sa todhchaí;
- (b) tromaíocht an tsáraithe lena mbaineann agus an fad a mhaireann sé;
- (c) a mhéid a mhainnigh an duine comhoibriú leis an imscrúdú maidir leis an duine sin;
- (d) aon leithscéal nó míniú a bheidh tugtha ag an duine maidir leis an sárú lena mbaineann nó maidir le mainneachtain comhoibriú leis an imscrúdú lena mbaineann;
- (e) an duine do ghabháil go leantach don sárú lena mbaineann;
- (f) más infheidhme, an duine do leanúint den sárú lena mbaineann tar éis dó nó di fógra a fháil faoin imscrúdú lena mbaineann;
- (g) más infheidhme, méid agus tráthúlacht aon bheart a rinneadh chun deireadh a chur leis an iompar míchuí agus aon bheart a rinneadh chun iarmhairtí an tsáraithe lena mbaineann a leigheas;
- (h) aon fhasaigh a bheidh leagtha síos ag cúirt nó ag an gCoimisiún i leith sárú dá shamhail roimhe sin.”.

Smachtbhannaí airgeadais

- 15.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 22B (a chuirtear isteach le *halt 14*):

- “**22C.** (1) Déanfaidh duine a bhforchuirfear smachtbhanna airgeadais air nó uirthi faoi alt 22A an méid lena mbaineann a íoc faoin dáta a bheidh luaite san fhógra faoi fho-alt (6), agus sin faoi réir fho-ailt (8) agus (9), den alt sin.
- (2) Féadfaidh an Coimisiún aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul don Choimisiún i leith smachtbhanna airgeadais arna fhorchur faoi alt 22A a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.
- (3) Déanfar na méideanna go léir a gheobhaidh an Coimisiún faoin alt seo a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste, de réir mar a threoróidh an tAire.”.

Achomharc chun na Cúirte Cuarda

- 16.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 22C (a chuirtear isteach le *halt 15*):

- “**22D.** (1) Féadfaidh duine is ábhar do bhreith faoi alt 22A(3)(b)(i) nó (ii), tráth nach déanaí ná 30 lá dar tosach dáta an fhógra maidir leis an mbreith faoi alt 22A(6), achomharc a dhéanamh chun na Cúirte in aghaidh na breithe trí fhógra i scríbhinn ina sonrú na forais atá leis an achomharc.

- (2) Déanfaidh an Chúirt achomharc a dhíbhe má tá sí den tuairim, maidir leis an achomharc, go bhfuil sé cráiteach nó suaibhreosach, gur droch-úsáid próisis é nó go bhfuil sé gan substaint ná bunús.
- (3) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc faoi fho-alt (1) a éisteacht, breithniú a dhéanamh—
 - (a) i dtaobh an ndearna an Coimisiún, le linn dó a bhreith a thabhairt, earráid dlí nó fíorais thromchúiseach nó shuntasach, nó sraith mionearráidí dlí nó fíorais arb ionann iad, nuair a ghlactar le chéile iad, agus earráid thromchúiseach nó shuntasach,
 - (b) i dtaobh an ndearna an Coimisiún nósanna imeachta córa a chomhlíonadh agus an bhreith á tabhairt aige, agus
 - (c) i dtaobh an raibh an smachtbhanna a d'fhorchuir an Coimisiún cuí agus comhréireach.
- (4) Le linn achomharc a bhreithniú—
 - (a) tabharfaidh an Chúirt aird ar thaifead na breithe is ábhar don achomharc, agus
 - (b) féadfaidh an Chúirt, i gcás go measfaidh sí gur gá nó gur fóirsteanach é ar mhaithe leis an achomharc a chinneadh go cóir agus go cuí, aird a thabhairt ar aon aighneachtaí, doiciméid, nó fianaise a thabharfaidh páirtí in achomharc ar aird cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an céanna a thabhairt ar aird cheana nó cibé acu atá nó nach bhfuil an céanna i dtaifead na breithe cheana, de réir mar a mheasfaidh an Chúirt is cuí.
- (5) Féadfaidh an Chúirt, ar achomharc faoi fho-alt (1) a éisteacht—
 - (a) an bhreith is ábhar don achomharc a dhaingniú, nó
 - (b) i gcás gur deimhin léi, faoi threoir na bhforas atá leis an achomharc, go ndearnadh earráid dlí nó fíorais thromchúiseach nó shuntasach, nó sraith mionearráidí dlí nó fíorais arb ionann iad, nuair a ghlactar le chéile iad, agus earráid thromchúiseach nó shuntasach, le linn an bhreith is ábhar don achomharc a thabhairt, nó go ndearnadh an bhreith gan nósanna imeachta córa a chomhlíonadh—
 - (i) an bhreith a neamhniú agus cibé breith eile a mheasfaidh an Chúirt is cuí a chur ina hionad, nó
 - (ii) an ní a tharchur chuig an gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh agus breith nua a thabhairt, fara nó d'éagmais treorú, de réir mar a mheasfaidh an Chúirt is cuí.
- (6) Déanfaidh duine, nuair a bheidh achomharc á dhéanamh aige nó aici faoin alt seo, ceanglais an ailt seo, agus aon rialacha cúirte infheidhme arna ndéanamh faoi, a chomhlíonadh agus, i gcás nach gcomhlíonfaidh duine na ceanglais sin nó na rialacha sin, beidh an t-achomharc neamhbhailí agus ní dhéanfar é a bhreithniú.

- (7) Is breith chríochnaitheach breith na Cúirte faoin alt seo ach amháin go mbeidh, le cead na Cúirte sin, ábhar achomhairc ann in aghaidh na breithe chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí agus déanfar achomharc den sórt sin a thionscnamh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis bhreith na Cúirte.
- (8) San alt seo, ciallaíonn ‘Cúirt’ an Chúirt Chuarda.”.

Iarratas chun na Cúirte Cuarda chun daingniú a dhéanamh ar bhreith chun mór-smachtbhanna a fhorchur

17. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 22D (a chuirtear isteach le *halt 16*):

“22E. (1) I gcás nach ndéanfaidh duine achomharc chun na Cúirte, in aghaidh breith ón gCoimisiún chun mór-smachtbhanna a fhorchur faoi alt 22A(3)(b)(ii), laistigh den tréimhse a shonraítear in alt 22A(6), déanfaidh an Coimisiún iarratas ar mhodh achomair chun na Cúirte, a luaithe is indéanta tar éis dul in éag don tréimhse sin, le foriarratas iar bhfógra chuig an duine lena mbaineann, chun daingniú a dhéanamh ar bhreith chun mór-smachtbhanna a fhorchur.

- (2) Féadfaidh an Chúirt, ar iarratas faoi fho-alt (1) a éisteacht—

- (a) an bhreith is ábhar don iarratas a dhaingniú, nó
- (b) i gcás gur deimhin léi, ar bhonn na fianaise atá os a comhair, go bhfuil earráid dlí fhollasach bhunúsach ann lena ndéantar an bonn atá leis an mbreith a bhaint—
- (i) an bhreith a neamhniú agus cibé breith eile a mheasfaidh Chúirt is cuí a chur ina hionad, nó
- (ii) an ní a tharchur chuig an gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh agus breith nua a thabhairt, fara nó d’éagmais treorú, de réir mar a mheasfaidh an Chúirt is cuí.

- (3) Sula ndéanfaidh sé iarratas faoi fho-alt (1), déanfaidh an Coimisiún, trí fhógra chuig an duine lena mbaineann, toiliú an duine sin, i scríbhinn, le forchur an mhór-smachtbhanna dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a lorg.
- (4) I gcás go dtoileoidh an duine lena mbaineann le forchur an mhór-smachtbhanna lena mbaineann de réir fógra faoi fho-alt (3), féadfar iarratas ón gCoimisiún faoi fho-alt (1) a dhéanamh *ex parte*.
- (5) I gcás go dtoileoidh an duine lena mbaineann le forchur an mhór-smachtbhanna lena mbaineann de réir fho-alt (3), beidh éifeacht leis an smachtbhanna nuair a bheidh breith an Choimisiúin daingnithe ag an gCúirt de réir an ailt seo.
- (6) Má dhéanann an Chúirt an bhreith a dhaingniú faoi fho-alt (2)(a) nó breith eile a chur ina hionad faoi fho-alt (2)(b)(i), déanfar breith na Cúirte a chur in ionad na breithe is ábhar don iarratas.

(7) Déanfaidh an Coimisiún, a luaithé is indéanta, fógra a thabhairt don duine lena mbaineann i dtaobh bhreith na Cúirte, i dtaobh an dáta a tugadh í agus i dtaobh an dáta óna mbeidh éifeacht leis an mbreith sin.

(8) San alt seo, ciallaíonn ‘Cúirt’ an Chúirt Chuarda.”.

Imscrúduithe agus imeachtaí a sheoladh

18. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 22E (a chuirtear isteach le *halt 17*):

“**22F.** (1) Faoi réir fho-alt (3), déanfaidh an Coimisiún cód a fhoilsiú agus, ó am go ham, a athbhreithniú, i cibé foirm agus ar cibé modh a mheasfaidh an Coimisiún is cuí, ar cód é—

(a) d’oifigigh údaraithe agus don Choimisiún maidir le seoladh imscrúduithe faoi alt 19, agus

(b) don Choimisiún maidir le seoladh imeachtaí os comhair an Choimisiúin faoi ailt 22A go 22E.

(2) Tabharfaidh oifigeach údaraithe nó comhalta den Choimisiún, de réir mar a bheidh, aird ar chód arna fhoilsiú faoi fho-alt (1)(a) nó (b), de réir mar a bheidh, le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna, a mhéid a bhaineann siad le himscrúduithe nó le himeachtaí, de réir mar is cuí, a chomhlíonadh.

(3) Féadfaidh an Coimisiún, i gcás go measfaidh sé gur cuí é, rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le seoladh imscrúduithe faoi alt 19 agus imeachtaí os comhair an Choimisiúin faoi ailt 22A go 22E, ag féachaint don ghá atá le cothroime i seoladh imscrúduithe agus imeachtaí den sórt sin, go háirithe don ghá atá ann aghaidh a thabhairt ar easaontachtaí leasa a d’fhéadfadh teacht chun cinn in imscrúduithe nó in imeachtaí.”.

Fógraí a thabhairt, etc.

19. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 22F (a chuirtear isteach le *halt 18*):

“**22G.** (1) Is i scríbhinn a bheidh fógra a cheanglaítear ar an gCoimisiún a thabhairt do dhuine faoi aon cheann d’ailt 22 go 22E agus díreofar é chuig an duine faoina ainm nó faoina hainm agus, i gcás gur soláthraíodh seoladh ríomhphoist an duine don Choimisiún, féadfar é a thabhairt don duine trí mheán leictreonach chuig an seoladh ríomhphoist sin, ar choinníoll go ndéanfar taifead, gur seoladh an ríomhphost chuig an duine, don seoltóir leis an gcóras ríomhphoist a úsáidfear.

(2) I gcás nach féidir, ar aon chúis, fógra a thabhairt trí mheán leictreonach nó go measfaidh an Coimisiún gur cuí déanamh amhlaidh thairis sin, féadfar an fógra a thabhairt trína chur leis an bpost cláraithe—

(a) i gcás pearsa aonair—

(i) chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an bpearsa aonair, nó

- (ii) chuig aon seoladh eile a sholáthair an phearsa aonair chun críocha an ailt seo,
- (b) i gcás cuideachta, chuig a hoifig chláraithe, nó
- (c) i gcás aon chomhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe eile, chuig a phríomhoifig nó a phríomháit ghnó.
- (3) San alt seo, foláionn ‘fógra’ scéala nó aon doiciméad.”.

Leasú ar alt 23 den Phríomh-Acht

20. Leasaítear alt 23 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), trí “22(5)” a chur in ionad “22”.

Leasú ar alt 25 den Phríomh-Acht

21. Leasaítear alt 25 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2)—

- (i) i mír (d), trí “sa bhliain sin,” a chur in ionad “sa bhliain sin, agus”,
- (ii) i mír (e), trí “sa bhliain sin,” a chur in ionad “sa bhliain sin.”, agus
- (iii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(f) aon bhreitheanna a thug an Coimisiún, nó aon smachtbhannaí a d’fhorchuir an Coimisiún, faoi alt 22A sa bhliain sin,

(g) aon achomhairc a rinneadh faoi alt 22D sa bhliain sin, agus

(h) aon iarratais, chun daingniú a dhéanamh ar bhreith chun mór-smachtbhanna a fhorchur, a rinneadh faoi alt 22E sa bhliain sin.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Maidir le haon fhaisnéis dá dtagraítear i mír (f), (g) nó (h) d’fho-alt (2), ní bheidh sí ar áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) i gcás inar tugadh breith chun mór-smachtbhanna a fhorchur—

- (i) i gcás gur tionscnaíodh achomharc, go dtí go ndéanfaidh an Chúirt an bhreith is ábhar don achomharc a dhaingniú faoi alt 22D, nó
- (ii) i gcás nár tionscnaíodh aon achomharc, go dtí go ndéanfaidh an Chúirt an bhreith a dhaingniú faoi alt 22E,

agus

(b) i gcás inar tugadh breith chun mion-smachtbhanna a fhorchur—

- (i) i gcás gur tionscnaíodh achomharc, go dtí go ndéanfaidh an Chúirt an bhreith is ábhar don achomharc a dhaingniú faoi alt 22D, nó

- (ii) i gcás go ndeachaigh an tréimhse chun achomharc a thionscnamh in éag agus nár tionscnaíodh aon achomharc, go dtí go rachaidh an tréimhse sin in éag.”.

Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht

22. Leasaítear alt 26 den Phríomh-Acht—

- (a) tríd an alt sin a shainainmniú mar fho-alt (1),
- (b) i bhfo-alt (1), trí “, seachas feidhmeanna faoin alt seo agus faoi ailt 22A (seachas fo-alt (6)) agus 22B,” a chur isteach i ndiaidh “a shonróidh an Coimisiún”, agus
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(2) Chun cuid d’fheidhmeanna an Choimisiúin faoin Acht seo nó chun feidhmeanna uile an Choimisiúin faoin Acht seo a chomhlíonadh, féadfaidh rannán den Choimisiún, ina mbeidh cibé corrlíon Coimisinéirí, nach lú ná 3, a chinneadh an Coimisiún, feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh mura sonrófar a mhalairt.”.

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

23. Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

- (a) trí mhír 11 a scriosadh, agus
- (b) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 21:

“22. Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath.

23. Cuideachta Phort Chorcaí.

24. Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge.

25. Cuideachta Phort Phort Láirge.

26. Cuideachta Phort Dhroichead Átha.

27. Cuideachta Chuan na Gaillimhe.”.

Leasú ar alt 3 den Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1992

24. Leasaítear alt 3 den Acht um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) agus Oifigí Aireachta agus Parlaiminte (Leasú), 1992—

- (a) i bhfo-alt (1)—
 - (i) trí “suim” a chur in ionad “suim bhliantúil”, agus
 - (ii) trí “mar shocrú críochnaitheach” a chur in ionad “mar lánsocrú”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Beidh liúntas iníoctha—

[2023.]

*An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil agus
um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí)
(Leasú), 2023.*

[Uimh. 15.] A.24

- (a) go míosúil i leith tréimhsí ar ina n-aghaidh a íoctar suim bhliantúil ar mhodh tuarastail leis an duine lena mbaineann faoi alt 2 d'Acht 1938 (arna leasú le halt 2 den Acht seo), nó
- (b) i gcás caiteachais dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus a bheidh tabhaithe ar bhonn aonuaire, ina chnapshuim.”.

Gearrtheideal agus tosach feidhme

- 25.** (1) Féadfar an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil agus um an Oireachtas (Liúntais do Chomhaltaí) (Leasú), 2023 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo (seachas *alt 24*) i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.05

